# Abairtí Uimhris - Iolrú agus Roinnt

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – iolrú, roinnt, abairt uimhris<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br><br>Réasúnaíocht – patrúin agus gaolta matamaiticiúla a aithint agus a chumadh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | 4 iolraithe faoi 3, 12 rannta ar 3, is ionann 4 iolraithe faoi 3 agus 3 iolraithe faoi 4, iolraigh 4 faoi 3, roinn 12 ar 4 |
| **Áiseanna** | áis ar bith a cheadaíonn ionadaíocht uimhris |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Roghnaigh 3 uimhir dhifriúla, mar shampla 3, 4, 12. Cuir ceist ar na daltaí cé mhéad abairt uimhris dhifriúil is féidir leo a dhéanamh ag úsáid na n-uimhreacha seo: 3 x 4 = 12, 4 x 3 = 12 agus 12 ÷ 4 = 3 agus 12 ÷ 3 = 4.

Déan arís é agus ansin ag brath ar conas a bhogann daltaí ar aghaidh, socraíonn siad iad féin ar na 3 uimhir lena n-úsáid. Socraíonn daltaí ar na bealaí chun na cothromóidí a chur in ord, mar shampla 12 = 3 x 4, nó 3 x 4 = 12. Pléigh cé acu a théann nó nach dtéann ord scríofa na cothromóide i bhfeidhm ar a chothromaíocht.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaigh 2 uimhir agus cearnóg fholamh nó 'x' chun seasamh d'uimhir ar iarraidh. Cosúil le Gníomhaíocht 1, iarr ar na daltaí abairtí uimhris a chruthú ag úsáid na rudaí seo. Pé uimhir atá ar iarraidh, cuir i gcuimhne do na daltaí go caithfidh siad meascán de na huimhreacha seo a úsáid agus iad ag cruthú a gcuid abairtí uimhris.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Inis dom na habairtí uimhris a rinne tú ó na huimhreacha.<br>• Cén freagra a fuair tú nuair a shuimigh tú na huimhreacha?<br>• Cén freagra a fuair tú nuair a dhealaigh tú na huimhreacha?<br>• An bhfuil patrún sa suimiú atá cosúil leis an cheann sa dealú?<br>• Cuir an uimhir ar dtús agus léigh na 4 shuim. 7 = 5 + 2, 5 = 7 – 2 srl. An athraíonn sé seo bailíocht na suimeanna? | • Cad a thugann tú faoi deara faoi iolrú ó d'abairtí uimhris?<br>• Cad a thugann tú faoi deara faoi roinnt ó d'abairtí uimhris?<br>• Cén 'patrúin' nó 'rialacha' is féidir leat a fheiceáil maidir le hiolrú nó roinnt? Cén uair nach mbaineann an riail leis?<br>• Cad a tharlaíonn mura dtugtar ach 2 uimhir duit agus caithfidh tú an tríú huimhir a aimsiú?<br>• Cad iad na naisc a fheiceann tú idir iolrú agus roinnt? Roinnt agus dealú? |

## Difreáil

Roghnaigh uimhreacha ag brath ar ábaltacht nó úsáid ábhair phraiticiúla, léirithe pictiúrtha in áit uimhreacha.
Lig do dhaltaí a gcuid uimhreacha féin a roghnú.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.